| Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht | Grúpa Forbartha Cruinniú 3: 20-02-23 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbairt modúl leantach sa tsraith shinsearach don scoláire a bhfuil Clár Foghlama T1/ T2 críochnaithe aige** | Rinne an grúpa achoimre ar an bplé a bhí ann ar dtús maidir leis na cineálacha foghlama agus na heispéiris foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de na modúil. I measc na modúl bheadh litearthacht, uimhearthacht agus cumarsáid. |
| **Tuarascáil Chomhairleach ar Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus treoirphrionsabail** | Rinne an grúpa plé ar na Treoirphrionsabail i gcomhthéacs na hoibre ar fhorbairt na modúl leantach. Rinneadh plé ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainní cuí a chur ar fáil do chur i bhfeidhm na modúl. Síleadh gur prionsabal a mbaineann tábhacht faoi leith leis é solúbthacht agus luadh gur gá an spás ar líne a úsáid mar áit foghlama don scoláire. |
| **Cáipéis Eolais agus Treoir** | I measc saincheisteanna le breithniú (leathanaigh 28 – 30) bhí critéir oiriúnacha maidir le rochtain an scoláire ar na modúil, leanúnachas agus dul chun cinn, modúil a dhearadh a thagann le sraith shinsearach chomhtháite agus iniúchadh a dhéanamh ar na conairí éagsúla don scoláire agus a chuid conairí aistrithe i ndiaidh dó an scoil a fhágáil. |
| **Plé ar na modúil: Réimsí Foghlama** | Comhaontaíodh go bhfuil forbairt scileanna pobail, sóisialta agus neamhspleáchais riachtanach. Leagadh an bhéim ar chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais an scoláire i gcónaí. Maidir le difreáil laistigh de na modúil, is gá cinneadh a dhéanamh fós maidir leis an dul chun cinn a dhéanfaidh maidir leis seo. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile An Chéad Chruinniú Eile 28-03-23** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an ngrúpa as an méid a chuir siad leis an bplé. Déanfaidh an feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh ábhar don chéad chruinniú eile. |